An bhfuil tú buartha faoi fhorbairt urlabhra agus teanga do pháiste?

Ní chruthóidh foghlaim níos mó ná teanga amháin agus páiste ag fás aníos aon fhadhbanna urlabhra nó teanga.
Má cheapann tú go bhféadfadh deacracht urlabhra nó teanga a bheith ag do pháiste áfach, labhair le d'Altra Sláinte Poiblí faoi aon imní atá agat, nó téir chuig d'Ionad Sláinte FSS áitiúil chun casadh le Teiripeoir Urlabhra agus Teanga.

Roinnt straitéis tacaíocht teanga:

- Mol idirghníomhaíocht aghaidh ar aghaidh 1:1
- Cuir béim ar fhocail thábhactacha
- Úsáid treoracha gearra
- Labhair go mall
- Úsáid fíor-rudaí agus rólimirt chun tuiscint a léiriú agus a thacú

Úsáid do chéad teanga agus tú ag labhairt le do pháiste

Waterford Childcare Committee
Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Roinn Pobail SLT,
Waterford City Primary Care Centre,
Johns Hill, Port Láirge.
Fón: 051-861182

An labhrann tú níos mó ná teanga amháin sa bhaile?

Treoir do Thuismitheoirí agus Cúramóirí

Arna fhorbairt ag Roinn Teiripe Urlabhra agus Teanga Pobail an FSS Port Láirge i gcomhpháirt le Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge.

CAD BA CHEART DUIT A BHEITH AG FÁIRE AMACH DÓ NUAIR ATÁ DO PHÁISTE AG FOGHLAIM NÍOS MÓ NÁ TEANGA AMHÁIN:

Tá na gnéithe seo tipiciúil agus ní cúis imní iad:

- D'fhéadfadh a scileanna teanga forbairt níos moille ar dtúis.
- D'fhéadfadh go mbeadh eolas níos fearr agus níos mó focail acu ó theanga amháin.
- D'fhéadfaidis teangacha a mheascadh in abairt amháin nó gcomhrá.
- D'fhéadfaí go mb'fhearr leo teanga amháin a labhairt thar an ceann eile.
- Nuair atá siad ag foghlaim teanga nua m.sh. Béarla, d'fhéadfaí gombeadh 'tréimhse chiúin' acu nuair a éisteann siad ach ní labhrann siad mórán.

Na buntáistí a bhaineann le fás aníos ag labhairt níos mó ná teanga amháin:

Is minic a bhíonn scileanna réiteach faidhbe níos fearr ag páistí ag foghlaim dhá theanga.

Nuair is féidr le páiste dhá theanga a labhairt, bíonn níos mó muiníne acu teangacha eile a fhoghlaim.

TÁ SÉ TÁBHACHTACH LABHAIRT LE DO PHÁISTE I DO CHÉAD TEANGA



Nuair a labhrann tú ledo pháistei do chéad teanga agus foghlaimíonn do pháiste conas an teanga seo a labhairt go maith, cruthaíonn sé seo bunús láidir le haghaidh forbairt na dara teanga.

Beidh sé níos éasca duitlabhairt agusimirt le do pháiste má tá tú ag labhairt do chéad teanga (fiú má labhrann gach tuismitheoir teaga difriúil

Cabhróidh labhairt na céad teanga leis an bpáiste chun Béarla a fhoghlaim.

Cabhróidh labhairt na céad teanga lle do pháistechun dlúthchaidrimh clainne agus pobail a chaomhnú

Tacaíonn sé leis an bpáiste a n-oidhreacht chultúrtha agus traidisiúin a aithint.

Níl aon míbhuntáistí ag baint le fás aníos ag úsáid níos mó ná teanga amháin!

Conas is féidir leat cabhrú le do pháiste do chéad teanga a labhairt?

- Labhair le do pháiste i do chéad teanga i gcónaí. Is gá dóibh an teanga a chloisint chun í a fhoghlaim agus a labhairt.
- Múin ranna do pháistí agus amhráin dod'pháiste i do chéad teanga.
- Labhair le do pháiste faoi chad atá ar siúl agat i ngíomhaíochtaí laethúla.
- Tóg do pháistí go dtí eachtraí ina n-úsáidtear an chéad teanga. Dá mhéid a chloiseann do pháiste daoine ag labhairt na teanga isea is mó a cheapfaidh siad go bhfuil foghlaim na teanga tábhachtach.
- Léigh leabhair i do chéad teanga dod'pháiste. Is féidir leat féachaint ar leabhair pictiúr freisin agus insint dod' pháistí faoi na pictiúir ag úsáid do chéad teanga.
- Cuir teorainn leis an am scáileáin m.sh. teilifís, táibléidí, agusríomhairí.
- Tá breis eolais maidir le do pháiste a thacú le bheith dátheangach le fáil ó www.aistearsiolta.ie